2024/2149

8.8.2024

CINNEADH (AE) 2024/2149 CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Lúnasa 2024

maidir le comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha a bhunú i dtaca le híocaíocht na chéad tráthchoda den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin [1], agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid'), cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 38 270 000 000 ar fáil don Úcráin i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus iasachtaí le haghaidh na tréimhse 2024-2027. Déantar maoiniú faoi Cholún I a leithdháileadh go príomha ar bhonn Phlean na hÚcráine ('an Plean'). Leagtar amach sa Phlean clár oibre athchóirithe agus infheistíochta don Úcráin, agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhfuil nasc acu leis an gcistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

(2) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle [2] a bhaineann le formheas an mheasúnaithe ar an bPlean. Leagtar amach an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha leis an gcistiú faoi Cholún I den tSaoráid, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447.

(3) Is é méid foriomlán na n-acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil don Phlean le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle EUR 32 270 000 000, is i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha atá EUR 5 270 000 000 den mhéid sin agus is i bhfoirm iasachta atá suas le EUR 27 000 000 000 de.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, cuireadh EUR 6 000 000 000 ar fáil don Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus EUR 1 890 000 000 i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin, ar réamhíocaíocht 7 % den tacaíocht iasachta é a bhfuil an Úcráin incháilithe lena fáil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 9 Iúil 2024, rinne an Úcráin iarraidh a bhfuil bonn cirt cuí léi a chur isteach ar íocaíocht na chéad tráthchoda den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta, méid dar luach EUR 4 365 691 244, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447. Bhí na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagail 9, 10 agus 22 de Rialachán (AE) 2024/792 ag gabháil leis an iarraidh.

(6) Chuir an Úcráin, mar aon lena hiarraidh ar íocaíocht, údar cuí le comhlíonadh sásúil na naoi gcéim ar fáil a bhí dlite faoi R2-2024 i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447. Baineann na naoi gcéim a comhlíonadh go sásúil le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir le bainistiú airgeadais phoiblí, an comhrac i gcoinne an éillithe agus an sciúrtha airgid, bainistiú sócmhainní poiblí, an timpeallacht ghnó, an earnáil fuinnimh, agus an earnáil agraibhia. Glacadh an Dearbhú Buiséid le haghaidh 2025-2027, an plean straitéiseach um dhigitiú Sheirbhís Custaim an Stáit, an doiciméad straitéiseach maidir le Gníomhaíocht Mianach le haghaidh na tréimhse suas le 2033, an straitéis agus an plean gníomhaíochta um nuachóiriú teirmeach foirgneamh go dtí 2050, agus an Plean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, ceapadh ceann nua ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc, agus tháinig na dlíthe i bhfeidhm maidir le rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit agus maidir le bunús dlí athbhreithnithe Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine.

[1] IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.
[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

(7) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar an iarraidh ar íocaíocht a chuir an Úcráin isteach agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil na naoi gcéim cháilíochtúla agus chainníochtúla le haghaidh na chéad tráthchoda mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(8) Mheas an Coimisiún go leanann an Úcráin den réamhchoinníoll a chomhlíonadh maidir le tacaíocht ón Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792. Go háirithe, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtíoch agus an smacht reachta, agus urraim a ráthú do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart a shuí leis an gCinneadh seo gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha ábhartha i dtaca le híocaíocht na chéad tráthchoda.

(10) I bhfianaise na staide fioscaí deacra atá os comhair na hÚcráine, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus chun dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunaítear leis seo comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha i dtaca le híocaíocht na chéad tráthchoda arb ionann í agus EUR 4 365 691 244 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 i gcomhréir leis an measúnú arna sholáthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Lúnasa 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

I gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, an 9 Iúil 2024, rinne an Úcráin iarraidh ar íocaíocht ar an gcéad tráthchuid de Phlean na hÚcráine a chur isteach. Chun tacú leis an iarraidh ar íocaíocht, rinne an Úcráin údar cuí a sholáthar gur comhlíonadh go sásúil na naoi gcéim den chéad tráthchuid mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2024/1447 an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an Úcráin, meastar go bhfuil gach ceann de na naoi gcéim comhlíonta go sásúil. Mar chuid den chaibidil ar Bhainistíocht airgeadais phoiblí, glacadh na gníomhartha seo a leanas: i) an plean straitéiseach um dhigitiú Sheirbhís Custaim an Stáit; ii) an Dearbhú Buiséid le haghaidh 2025-2027; agus iii) an Plean Gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme an Treochláir um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú. Mar chuid den chaibidil ar an Troid in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid, ceapadh ceann nua ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Chosc ar Éilliú. Laistigh den chaibidil faoi Acmhainní poiblí a bhainistiú, tháinig an reachtaíocht maidir le rialachas corparáideach ar fhiontair faoi úinéireacht stáit i bhfeidhm. Laistigh den pháirt maidir leis an Timpeallacht ghnó, tháinig an dlí lena ndéantar athbhreithniú ar bhonn dlí Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine i bhfeidhm. Mar chuid den chaibidil maidir leis an Earnáil Fuinnimh, glacadh an Plean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide chomh maith leis an Straitéis um nuachóiriú teirmeach ar fhoirgnimh go dtí 2050 agus an Plean Gníomhaíochta. Laistigh den chaibidil maidir leis an Earnáil agraibhia, glacadh an doiciméad straitéiseach maidir le Gníomhaíocht Mianach don tréimhse suas le 2033.

Céim 2.2

Ainm na céime: Glacadh an phlean straitéisigh um dhigitiú Sheirbhís Custaim an Stáit
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Athchóiriú 1 Bainistiú feabhsaithe ioncaim
Arna maoiniú as: Iasachtaí
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 2.2 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'An plean straitéiseach náisiúnta fadtéarmach a ghlacadh um fhorbairt dhigiteach, um chlaochlú digiteach agus um dhigitiú Sheirbhís Custaim an Stáit.'* Is é Céim 2.2 an chéad chéim d'Athchóiriú 1 de chuid chaibidil 2 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí). Faoi R4-2024, tá céim bhreise amháin (2.1) beartaithe faoi Athchóiriú 1 arb é is aidhm di an plean straitéiseach um dhigitiú Sheirbhís Cánach an Stáit a ghlacadh.
An fhianaise a cuireadh ar fáil 1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; 2. Cóip d'Ordú Uimh. 63 ón Aireacht Airgeadais 'Maidir leis an gcur chun feidhme ar an gCinneadh ón gCoiste um Bainistiú Teicneolaíochta Faisnéise sa Chóras Bainistíochta Airgeadais Phoiblí' an 9 Feabhra 2024; 3. Cóip den Iarscríbhinn a ghabhann le hOrdú Uimh. 63 ón Aireacht Airgeadais maidir leis an bPlean straitéiseach náisiúnta fadtéarmach um fhorbairt dhigiteach, um chlaochluithe digiteacha agus um dhigitiú Sheirbhís Custaim an Stáit de chuid na hÚcráine an 9 Feabhra 2024.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 2.2. Ghlac an Aireacht Airgeadais an Straitéis an 9 Feabhra 2024 trí Ordú Uimh. 63. Cumhdaítear leis an Straitéis an plean fadtéarmach um fhorbairt dhigiteach, um chlaochlú digiteach agus um dhigitiú Sheirbhís Custaim an Stáit de chuid na hÚcráine ar bhonn Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais Eorpaigh agus ar bhonn an Phlean Straitéisigh Ilbhliantúil maidir le Custam Leictreonach (MASP-C), mórthionscnamh an Aontais Eorpaigh chun Córas Custaim an Aontais Eorpaigh a dhigitiú. I Roinn 1 den Straitéis leagtar amach cuspóir foriomlán an digitithe agus an ailínithe le caighdeáin an Aontais. I Roinn 2 leagtar amach na sprioc-thagarmharcanna sonracha atá le comhlíonadh chun an cuspóir sin a bhaint amach, agus i Roinn 3 leagtar amach na prionsabail lena dtreorófar cur chun feidhme na mbeart ábhartha. I Roinn 4 leagtar amach seicheamh na gcéimeanna atá le déanamh chun na spriocanna sin a bhaint amach agus sainítear na grúpaí tionscadal de réir leibhéal rannpháirtíochta institiúidí an Aontais agus na mBallstát. I Roinn 5 leagtar amach an cur chuige maidir leis an mbonneagar TF ábhartha a athstruchtúrú, lena n-áirítear é a ailíniú le cineálacha cur chuige an Aontais. Ar deireadh, i Roinn 6 leagtar amach na próisis a úsáidfidh an tSeirbhís Custaim Stáit agus an Aireacht Airgeadais chun an próiseas athraithe agus athchóirithe a bhainistiú.
Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 2.3

Ainm na céime: Formheas an Dearbhaithe Buiséid le haghaidh 2025-2027
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Athchóiriú 2 Bainistíocht fheabhsaithe airgeadais phoiblí
Arna maoiniú as: Iasachtaí
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 2.3 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'Formheasfar an Dearbhú Buiséid le haghaidh 2025-2027 agus cuirfear faoi bhráid na Parlaiminte é. Leis an Dearbhú díreofar ar na príomhréimsí seo: i) príomh-réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na tíre; ii) príomhtháscairí buiséid (ioncaim, caiteachais, easnamh buiséid, fiachas poiblí); iii) tosaíochtaí beartais phoiblí de réir réimsí agus uasteorainneacha caiteachais le haghaidh gach príomhaonaid caiteachais; iv) an gaol idir buiséad an stáit agus buiséid áitiúla, lena n-áireofar an treoir is gá chun réamhaisnéisí meántéarmacha ar bhuiséid áitiúla a ullmhú; v) measúnú ar rioscaí fioscacha.'* Is é Céim 2.3 an chéad chéim d'Athchóiriú 2 de chuid chaibidil 2 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí). Faoi R4-2026, tá dhá chéim bhreise beartaithe faoi Athchóiriú 2: céim 2.4 arb é is aidhm di athbhreithniú caiteachais ar bhuiséad an stáit a thabhairt isteach; agus céim 2.5 a bhaineann le leasú ar an gCód Buiséid chun an nós imeachta a shainiú um rioscaí fioscacha a bhaineann le buiséid áitiúla a bhainistiú.
An fhianaise a cuireadh ar fáil 1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; 2. Rún Uimh. 751 ó Chomh-Aireacht na nAirí an 28 Meitheamh 2024 lena nglactar an Dearbhú Buiséid le haghaidh na tréimhse 2025 – 2027; 3. Cóip den Dearbhú Buiséid le haghaidh 2025-2027 mar a formheasadh an 28 Meitheamh 2024 é; 4. Fógra faoin Dearbhú Buiséid a chur faoi bhráid an Verkhovna Rada an 28 Meitheamh 2024; 5. Cóip de Chód Buiséid na hÚcráine.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 2.3. Rinneadh an Dearbhú Buiséid don tréimhse 2025 – 2027 a fhormheas an 28 Meitheamh 2024 agus cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte é an lá céanna. Déantar meastacháin ann ar na réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha is tábhachtaí maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta na tíre, agus ar tháscairí amhail an ráta fáis eacnamaíoch, innéacsanna ar an mboilsciú, an dífhostaíocht agus rátaí malairte thar na tréimhse 2025 - 2027. Sa Dearbhú Buiséid déantar meastacháin freisin ar na táscairí buiséid is tábhachtaí a bhaineann leis an ioncam (amhail an ioncam ó chánacha nó díbhinní ó fhiontair faoi úinéireacht stáit), an caiteachas (miondealaithe agus curtha i gcatagóirí de réir réimse beartais), an t-easnamh sa bhuiséad agus an fiachas náisiúnta. Tugtar sonraí ann freisin faoi thosaíochtaí beartais phoiblí de réir réimsí agus uasteorainneacha caiteachais le haghaidh gach príomhaonaid caiteachais. Baineann na príomhthosaíochtaí beartais phoiblí le réimsí amhail an chosaint shóisialta, an t-oideachas, an sláinte phoiblí, an timpeallacht ghnó/tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, an talmhaíocht agus an fuinneamh. Sa doiciméad sainaithnítear agus tugtar tuairisc freisin ar an ngaol idir buiséad an stáit agus an buiséad áitiúil. I measc nithe eile, meastar go ndéanfaidh beartas buiséid an stáit maidir le buiséid áitiúla forbairt bhreise ar an bpleanáil ar an mbuiséad meántéarmach agus neartú ar an acmhainneacht airgeadais ar an leibhéal áitiúil. Trí mhéid an ioncaim i mbuiséid áitiúla thar na tréimhse 2025 – 2027 a réamh-mheas, tugtar treoraíocht sa bhuiséad stáit do bhuiséid áitiúla chun an réamh-mheastachán meántéarmach a ullmhú. Ar deireadh, tá measúnú san áireamh i nDearbhú Buiséid 2025 – 2027 ar na rioscaí fioscacha agus ar an tionchar a bheidh acu ar tháscairí buiséid an stáit thar an tréimhse thuairiscithe trí bliana. Ar na rioscaí fioscacha tá neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an gcogadh, an tionchar atá ag an scrios ar an mbonneagar fuinnimh, bacainní trádála agus lastais iompair agus cobhsaíocht an chúnaimh airgeadais idirnáisiúnta.
Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 2.7

Ainm na céime: Glacadh an Phlean gníomhaíochta um chur chun feidhme an Treochláir um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Athchóiriú 4. Bainistiú feabhsaithe infheistíochta poiblí
Arna maoiniú as: Iasachtaí
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 2.7 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *Glacadh an Phlean gníomhaíochta um chur chun feidhme an Treochláir um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú. Díreofar leis an bplean gníomhaíochta ar na príomhréimsí sin agus áireofar leis an seicheamhú agus an tráthchlár:* — *pleanáil straitéiseach um infheistíocht phoiblí a thabhairt isteach i ndlúthchomhar le pleanáil buiséid;* — *sainiú ar róil na rannpháirtithe uile ag gach céim de thimthriall an tionscadail infheistíochta;* — *cuir chuige aontaithe a bhunú maidir le tionscadail infheistíochta a roghnú, meastóireacht agus faireachán a dhéanamh orthu, beag beann ar fhoinsí cistithe (ioncaim bhuiséid, deontóirí idirnáisiúnta, ráthaíochtaí stáit (áitiúla), lamháltais, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí) chun píblíne thionscadail aonair a ullmhú;* — *critéir tosaíochta a shainiú lena léirítear riachtanais shainithe, aibíocht tionscadal, agus ailíniú le straitéisí earnála agus/nó réigiúnacha i gcomhthéacs na bainistíochta infheistíochta poiblí;* — *measúnú neamhspleách ar thionscadail mhóra infheistíochta poiblí a thabhairt isteach* Is é Céim 2.7 an chéad chéim de chur chun feidhme Athchóiriú 4 de chuid chaibidil 2 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí). Tá céim bhreise, céim 2.8, ag Athchóiriú 4 atá le bheith curtha i gcrích faoi R3-2025 arb é is aidhm di an uirlis bainistíochta digití le haghaidh atógáil na hÚcráine a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
An fhianaise a cuireadh ar fáil — Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; — Cóip de Rún Uimh. 588-p ó Chomh-Aireacht na nAirí an 18 Meitheamh 2024 lenar glacadh an Plean Gníomhaíochta; — Cóip de 'Plean gníomhaíochta um chur chun feidhme an Treochláir um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú 2024–2028' a glacadh.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 2.7. Ghlac an Rialtas an Plean Gníomhaíochta chun an Treochlár um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú a chur chun feidhm an 18 Meitheamh. Leagtar amach ann na gníomhaíochtaí atá le déanamh agus na heintitis a bheidh freagrach as cur chun feidhme an 'Treochláir um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú'.

Sa Phlean Gníomhaíochta tugtar isteach pleanáil straitéiseach um infheistíocht phoiblí i ndlúthchomhar le pleanáil buiséid. Chuige sin, le Cuspóir 1 bunaítear an seicheamhú agus an tráthchlár le haghaidh athchóirithe ar phróiseas pleanála an bhuiséid, lena n-áirítear trí leasuithe dlíthiúla ar chód an bhuiséid, athchóirithe a dhéanfar chun an t-ailíniú leis an bpleanáil straitéiseach don infheistíocht phoiblí a áirithiú. Orthu sin tá athruithe a bhaineann leis an sainmhíniú ar thionscadail infheistíochta poiblí agus ar an gcaiteachas gaolmhar a thabhairt cothrom le dáta; méid na n-acmhainní fioscacha a bheidh ar fáil le haghaidh infheistíocht phoiblí a chinneadh; pleanáil mheántéarmach ar an gcaiteachas infheistíochta a thabhairt isteach; agus a áirithiú nach ndéanfar ach tionscadail a roghnófar tríd an gcóras pleanála straitéisí atá bunaithe a mhaoiniú faoin mbuiséad. Le Cuspóir 2 bunaítear an seicheamhú agus an tráthchlár chun an phleanáil straitéiseach ar infheistíochtaí poiblí a thabhairt isteach. Cuimsítear leis sin an Chomhairle um Infheistíocht Straitéiseach a bhunú; córas náisiúnta um phleanáil straitéiseach a fhorbairt, a chomhdóidh na príomhphróisis agus na príomhdhoiciméid phleanála; straitéisí náisiúnta, earnálacha agus réigiúnacha a fhorbairt maille leis na modheolaíochtaí agus próisis ghaolmhara; agus plean meántéarmach a fhorbairt le haghaidh infheistíocht tosaíochta phoiblí. Sa bhreis air sin, sonraítear faoi Chuspóir 2 go gcuimseoidh an córas náisiúnta um phleanáil straitéiseach comhlíontacht leis an gcreat macraifhioscach mar cheann de na príomhghnéithe a bheidh aige. Le Cuspóir 4 bunaítear an seicheamhú agus an tráthchlár chun feabhas a chur ar an bpróiseas pleanála buiséadaigh meántéarmaigh le haghaidh infheistíochtaí poiblí. Cuimsítear leis sin an bhainistíocht agus an rialú ar ghealltanais bhuiséadacha ilbhliantúla thar shaolré na n-infheistíochtaí; infheistíochtaí poiblí a roghnú lena maoiniú; agus an measúnú agus an bainistiú ar rioscaí fioscacha agus ar dhliteanais theagmhasacha.

Sa Phlean Gníomhaíochta déantar sainiú ar róil na rannpháirtithe uile ag gach céim de thimthriall an tionscadail infheistíochta. I ndáil leis sin, i gCuspóir 1 leagtar síos go ndéanfaidh na leasuithe ar na dlíthe faoi chód an bhuiséid agus faoin mbainistíocht ar an infheistíocht phoiblí feidhmeanna na rannpháirtithe i bpróiseas na bainistíochta infheistíochta poiblí a shainiú. Le Cuspóir 3 bunaítear sa bhreis air sin an seicheamhú agus an tráthchlár chun na nósanna imeachta agus na modheolaíochtaí nua a chruthú le haghaidh gach céime i dtimthriall an tionscadail infheistíochta, lena gcumhdaítear an t-ullmhú, an scagthástáil, roghnú tosaíochtaí, an breithmheas, an roghnú, sainaithint rioscaí, an cur chun feidhme, an faireachán agus an meastóireacht ar fheidhmíocht. Ceanglaítear go ndéanfar dáileadh na bhfeidhmeanna i measc na rannpháirtithe sa phróiseas a shainaithint go soiléir i gcás gach aschuir.

Sa Phlean Gníomhaíochta bunaítear cur chuige aontaithe maidir le tionscadail infheistíochta a roghnú agus le meastóireacht agus faireachán a dhéanamh orthu, beag beann ar fhoinsí cistithe (ioncaim bhuiséid, deontóirí idirnáisiúnta, ráthaíochtaí stáit (áitiúla), lamháltais, comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí) chun ullmhú píblíne thionscadail aonair a chumasú. I ndáil leis sin, faoi Chuspóir 3 bunaítear an seicheamhú agus an tráthchlár chun an cur chuige aontaithe i ndáil le modheolaíochtaí a chruthú le haghaidh gach céime i dtimthriall an tionscadail infheistíochta, agus é mar chuspóir leis aon phíblíne amháin de thionscadail infheistíochta poiblí a chruthú. Sonraítear ann freisin go mbunófar é sin beag beann ar an bhfoinse chistiúcháin agus bunaítear ann an mhodheolaíocht chun na foinsí/sásraí maoinithe ar na tionscadail infheistíochta poiblí a roghnaíodh a chinneadh.

Sa Phlean Gníomhaíochta sainítear freisin na critéir tosaíochta lena léirítear riachtanais shainithe, aibíocht tionscadal, agus ailíniú le straitéisí earnála agus/nó réigiúnacha i gcomhthéacs na bainistíochta infheistíochta poiblí. I ndáil leis sin, sonraítear faoi Chuspóir 3 go ndéanfar tosaíocht a thabhairt i gcomhréir le critéir maidir le hábharthacht straitéiseach, indéantacht airgeadais, éifeachtúlacht shóisialta agus eacnamaíoch, indéantacht theicniúil, acmhainneacht institiúideach agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Sonraítear ann freisin go gcuirfear san áireamh sa bhreithmheas ar thionscadail a phráinní atá sé riachtanais phoiblí a chomhlíonadh agus sonraítear ann go ndéanfar an tosaíocht a thabhairt de réir aibíocht an tionscadail agus de réir chomhlíonadh na dtosaíochtaí straitéiseacha earnála agus/nó réigiúnacha.

Ar deireadh, sa Phlean Gníomhaíochta tugtar isteach measúnú neamhspleách ar thionscadail mhóra infheistíochta poiblí. I ndáil leis sin, faoi Chuspóir 3 bunaítear an seicheamhú agus an tráthchlár chun measúnú neamhspleách a thabhairt isteach sa phróiseas breithmheasa infheistíochta le haghaidh tionscadail mhóra infheistíochta poiblí.

Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 4.2

Ainm na céime: Ceannasaí nua a cheapadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Acmhainneacht institiúideach an chreata in aghaidh an éillithe a fhorbairt
Arna maoiniú as: Tacaíocht neamh-inaisíoctha
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 4.2 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'Ceapfar ceannaire nua ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc tar éis nós imeachta roghnúcháin i gcomhréir leis an Dlí maidir le hÉilliú a Chosc'.* Is é Céim 4.2 an chéad chéim de chur chun feidhme Athchóiriú 1 de chuid chaibidil 4 (an Troid in aghaidh an Éillithe agus an Sciúrtha Airgid). Ina dhiaidh na céime sin tiocfaidh céim 4.1 atá le bheith curtha i gcrích faoi R3-2024 arb é is aidhm di an lucht saothair le haghaidh Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh an Éillithe a mhéadú agus céim 4.3 atá le bheith curtha i gcrích faoi R1-2025 atá ceaptha chun an lucht saothair don Ard-Chúirt in aghaidh an Éillithe a mhéadú.
An fhianaise a cuireadh ar fáil 1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; 2. Cóip d'Fhoraithne Uimh. 162-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le Victor Volodimirovich Pavlushchyk a cheapadh ina Cheannasaí ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc an 27 Feabhra 2024; 3. Cóip d'Fhoraithne Uimh. 944-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir leis an bhformheas ar chomhdhéanamh an Choiste Iomaíochta don phost mar Cheannasaí ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc an 13 Deireadh Fómhair 2023; 4. Cóip de mhiontuairiscí chruinnithe an Choiste Iomaíochta a eagraíodh an 10 agus an 30 Samhain 2023, an 28 Nollaig 2023, an 4 agus an 8 Eanáir 2024, an 5, 20, 24 agus 25 Feabhra chun Ceannasaí na Gníomhaireachtaí Náisiúnta um Éilliú a Chosc a roghnú; 5. Cóip de Dhlí Uimh. 1700-VII/2014 na hÚcráine maidir le hÉilliú a Chosc;
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 4.2. Ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Foraithne Uimh. 162-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine lenar ceapadh Victor Volodimirovich Pavlushchyk ina Cheannasaí ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc an 27.2.2024. Léiríonn na miontuairiscí ar chruinnithe an Choiste Iomaíochta a tionóladh an 25.2.2024 chun an Ceannasaí ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc a roghnú ('na Miontuairiscí') go ndearnadh roghnú an Cheannasaí ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc i gcomhréir le hAirteagal 6 'An Nós Imeachta um Roghnú Iomaíoch agus um Cheapachán an Chathaoirligh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta' de chuid Dhlí Uimh. 1700-VII na hÚcráine maidir le hÉilliú a Chosc ('an Dlí'). Léiríonn na miontuairiscí go raibh, i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Dlí, triúr comhaltaí ar an gCoimisiún Iomaíochta a cheap Comh-Aireacht Airí na hÚcráine, agus triúr comhaltaí a cheap Comh-Aireacht Airí na hÚcráine bunaithe ar mholtaí ó dheontóirí a thug cúnamh teicniúil idirnáisiúnta don Úcráin maidir leis an éilliú a chosc agus a chomhrac. Fuair Victor Volodimirovich Pavlushchyk sé vóta i bhfabhar agus roghnaíodh é mar an t-iarrthóir is oiriúnaí le bheith ina Cheannasaí ar an nGníomhaireacht Náisiúnta um Éilliú a Chosc.
Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 6.2

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le rialachas corparáideach fiontar faoi úinéireacht stáit
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Athchóiriú 2. Rialachas agus bainistíocht níos fearr ar fhiontair faoi úinéireacht stáit
Arna maoiniú as: Tacaíocht neamh-inaisíoctha
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 2.7 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *Teacht i bhfeidhm an dlí nua maidir le rialachas corparáideach ar fhiontair faoi úinéireacht stáit agus treoirlínte ECFE maidir le rialachas corparáideach á gcur san áireamh. Leis an dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *sainiú a dhéanamh ar na cumhachtaí atá ag boird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit chun POFanna a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost;* — *na cumhachtaí atá ag boird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a shainiú chun doiciméid straitéiseacha, infheistíochta agus pleananna airgeadais na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a fhormheas;* — *nós imeachta meastóireachta bliantúla a bhunú do bhoird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit.* Is é céim 6.2 an chéad chéim as ceithre cinn faoin athchóiriú seo i gcaibidil 6 (Bainistiú Sócmhainní Poiblí). Leanfar é le céim 6.3 atá le bheith curtha i gcrích faoi R2-2026 arb é is aidhm di boird mhaoirseachta a cheapadh ina mbeidh tromlach de na comhaltaí neamhspleácha orthu in 15 cinn ar a laghad de na príomh-fhiontair faoi úinéireacht stáit lena ndéanfar 15 cinn de na príomh-fhiontair faoi úinéireacht stáit a chorparáidiú mar chuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó mar chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta (céim) agus le céim 6.4 atá le bheith curtha i gcrích faoi R3-2026 atá ceaptha chun prionsabail an rialachais chorparáidigh a chur chun feidhme thar eintitis bhainistíochta chomhdhlúite na bhfiontar faoi úinéireacht stáit.
An fhianaise a cuireadh ar fáil — Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; — Cóip de dhlí Uimh. 3587-IX 'Maidir le hathruithe a dhéanamh ar roinnt achtanna reachtacha de chuid na hÚcráine i dtaca le feabhas a chur ar an rialachas corparáideach' (an Dlí) an 22 Feabhra 2024; — Cóip de dhlí Uimh. 185-V na hÚcráine 'Maidir le Bainistiú Maoine faoi Úinéireacht Stáit' an 1 Iúil 2024; — Cóip de Chód Tráchtála na hÚcráine, Uimh. 436-IV an 8 Márta 2024; — Cóip de dhlí Uimh. 2465-IX 'Maidir le Cuideachtaí faoi Theorainn Scaireanna' an 27 Aibreán 2024;
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach den tuairisc ar an gcéim. Tháinig dlí Uimh. 3587-IX 'Maidir le hathruithe a dhéanamh ar roinnt achtanna reachtacha de chuid na hÚcráine i dtaca le feabhas a chur ar an rialachas corparáideach' (an Dlí) i bhfeidhm an 8 Márta 2024. Leis an dlí cuirtear san áireamh treoirlínte ábhartha ECFE maidir le rialachas corparáideach, mar a shonraítear i bPrionsabail G20/ECFE maidir le Rialachas Corparáideach 2023. Go háirithe, tá sé ailínithe le prionsabail V.D.1. agus V. D.4. lena sonraítear príomhfheidhmeanna na mbord: i) an straitéis, mórphleananna gníomhaíochta, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó a athbhreithniú agus a threorú, cuspóirí feidhmíochta a leagan síos, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmíocht chorparáideach, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchaiteachas caipitil, mór-éadáil agus mór-dhífheistiú (V.D.1); agus ii) na feidhmeannaigh is tábhachtaí a roghnú, maoirseacht a dhéanamh orthu agus faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus, nuair is gá, iad a ionadú agus maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil chomharbais (V.D.4.). Tá sé ailínithe freisin le prionsabal V.E.4., ina sonraítear gur cheart do na boird meastóireachtaí a dhéanamh go tráthrialta chun breithmheas a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil an meascán ceart cúlraí agus inniúlachtaí acu nó nach bhfuil, lena n-áirítear maidir le hinscne agus cineálacha eile éagsúlachta.

Déantar sainiú sa dlí ar na cumhachtaí atá ag boird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit chun POFanna a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost. Faoi Airteagal 11-4 Mír 7 den leagan roimhe seo de Dhlí Uimh. 185-V 'Maidir le Bainistiú ar Réada Maoine Stáit' cinneadh gur inniúlacht eisiach de chuid bhord maoirseachta fiontair aonadaigh stáit é ceapachán agus foirceannadh chumhachtaí an phríomhoifigigh feidhmiúcháin. Leasaíodh Airteagal 11-4 le Dlí Uimh. 3587-IX ('an Dlí') lena áirithiú go bhfuil feidhm aige maidir le fiontair aonadaigh stáit agus maidir le comhlachais ghnó eile ar leis an stát 50 % nó níos mó dá scaireanna. Thairis sin, rinne an Dlí soiléiriú ar ról na mbord maoirseachta maidir le príomhoifigigh feidhmiúcháin a cheapadh i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit i gcásanna ina ngníomhaíonn Comh-Aireacht na nAirí mar eintiteas úinéireachta. Roimh an leasú ar an Dlí, forordaíodh leis an Dlí um Bainistiú Maoine Stáit go raibh Comh-Aireacht na nAirí i dteideal Príomhoifigigh Feidhmiúcháin a cheapadh sna cuideachtaí faoi úinéireacht stáit den sórt sin, agus an tráth céanna bhí foráil i nDlí Uimh. 2465-IX na hÚcráine 'Maidir le Cuideachtaí faoi theorainn scaireanna' maidir leis an riail ghinearálta go bhforchoimeádtar ceapadh agus dífhostú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don bhord maoirseachta. D'fhág an forluí sin go raibh mearbhall ann agus plé maidir leis an dlí atá i réim i gcuideachtaí faoin úinéireacht stáit sin. Leis an Dlí nua, baineadh den Dlí um Bainistiú Maoine Stáit an fhoráil a chruthaigh mearbhall agus tá feidhm ag an riail ghinearálta anois maidir le gach fiontar faoi úinéireacht stáit atá eagraithe mar chuideachta faoi theorainn scaireanna.

Sa dlí sainítear na cumhachtaí atá ag boird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit chun doiciméid straitéiseacha, infheistíochta agus pleananna airgeadais na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a fhormheas. Tugadh isteach leasuithe ar dhlíthe ábhartha eile leis an Dlí lena áirithiú gurb iad boird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a dhéanfaidh doiciméid straitéiseacha, infheistíochta agus pleananna airgeadais na bhfiontar faoi úinéireacht stáit a fhormheas. Go háirithe, i gcomhréir le leasuithe ar Airteagal 11-4 den Dlí 'Maidir le Bainistiú ar Réada faoi Úinéireacht Stáit' cuimseofar faoi inniúlacht eisiach an bhoird maoirseachta (i gcás inar cuireadh ar bun é) de chuid fiontair aonadaigh stáit nó de chuid comhlachas gnó, *inter alia*, formheas ar an bplean straitéiseach le haghaidh fhorbairt an fhiontair aonadaigh stáit, formheas ar an bplean airgeadais bliantúil agus ar an tuarascáil maidir lena chur chun feidhme, ar an bplean infheistíochta bliantúil, agus ar an bplean infheistíochta don mheántéarma (3 go 5 bliana). Thairis sin, i gcomhréir le leasuithe ar Airteagal 7-1, 1-1 i nDlí na hÚcráine 'Maidir le cuideachtaí faoi theorainn scaireanna', is é ceann d'inniúlachtaí eisiacha bhoird mhaoirseachta Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna formheas a dhéanamh ar phlean forbartha straitéisí agus ar tháscairí feidhmíochta na cuideachta faoi theorainn scaireanna, ar an bplean airgeadais bliantúil agus ar an tuarascáil ar a chur chun feidhme, agus ar na pleananna infheistíochta bliantúla agus meántéarmacha. Tugadh isteach leasuithe den chineál céanna i ndlíthe ábhartha eile, mar shampla Cód Tráchtála na hÚcráine, Uimh. 436-IV, ina sonraítear go bhfuil sé éigeantach do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit plean airgeadais, pleananna infheistíochta agus plean forbartha straitéisí a cheapadh, agus gurb é an bord maoirseachta (sa chás inar bunaíodh é) a dhéanfaidh na doiciméid sin a fhormheas.

Ar deireadh, leis an Dlí bunaítear nós imeachta meastóireachta bliantúla do bhoird mhaoirseachta na bhfiontar faoi úinéireacht stáit. I gcomhréir leis na leasuithe ar Airteagal 11-7 sa Dlí 'Maidir le Bainistiú ar Réada Maoine Stáit', déanfar meastóireacht ar ghníomhaíochtaí an bhoird mhaoirseachta ar fhiontar aonadach stáit nó ar chomhlachas gnó ina bhfuil sé éigeantach an bord maoirseachta a bhunú uair amháin gach 3 bliana ar a laghad. Foilseofar torthaí an mheasúnaithe ar shuíomh gréasáin an fhiontair faoi úinéireacht stáit laistigh de 2 lá oibre ó dháta a bhformheasa.

Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 8.3

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhunús dlí Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine.
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Athchóiriú ar Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine
Arna maoiniú as: Tacaíocht neamh-inaisíoctha
Comhthéacs Tugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún ar cheanglais chéim 8.3 mar a leanas: *'Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhunús dlí ghníomhaíocht Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine. Leis an reachtaíocht nua dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *próiseas oscailte, trédhearcach agus iomaíoch a fhorbairt chun bainistíocht agus foireann a roghnú, an ceannaire nua a roghnú trí nós imeachta ar bhonn fiúntais a shainítear sa dlí* — *ceanglais don choimisiún roghnúcháin a neartú;* — *córas conartha a thabhairt isteach le haghaidh fostaithe;* — *raon feidhme agus sainordú níos soiléire a shainiú;* — *sásra maidir le fianú ball foirne a fhorbairt.'* Is í Céim 8.3 an t-aon chéim amháin faoi Athchóiriú 2 de chaibidil 8 (An timpeallacht ghnó) a bhaineann leis an athchóiriú ar Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine. Comhlánaíonn an chéim Athchóiriú 1 faoi chaibidil 3 (Córas breithiúnach) maidir le cuntasacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a fheabhsú.
An fhianaise a cuireadh ar fáil — Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; — Cóip de dhlí Uimh. 3840-IX 'Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine chun Obair Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine a Fheabhsú' an 20 Meitheamh 2024.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 8.3. D'fhormheas Verkhovna Rada Dlí Uimh. 3840-IX 'Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine chun Obair Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine a Fheabhsú' an 20 Meitheamh, shínigh an tUachtarán é an 28 Meitheamh, agus tháinig sé i bhfeidhm nuair a foilsíodh é san Iris Oifigiúil an 29 Meitheamh 2024. Tugtar tuairisc sa Dlí ar phróiseas oscailte, trédhearcach agus iomaíoch chun an bhainistíocht agus an fhoireann a roghnú, lena n-áirítear ceann (Stiúrthóir) nua a roghnú ar bhonn nósanna imeachta sainithe ar nósanna imeachta ar bhonn fiúntais iad. Leagtar amach sa Dlí na riachtanais maidir le carachtar agus inniúlacht ghairmiúil na n-iarrthóirí ar phost an Stiúrthóra, lena n-áirítear an t-eolas, an taithí, na cumais anailíseacha, na cumais cheannaireachta agus na scileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn is gá. Baintear é sin amach trí leasuithe ar Airteagail 15 agus 19. Sainítear in Airteagal 15 den Dlí freisin an próiseas roghnúcháin lena n-áirítear fostú coimisiúin roghnúcháin neartaithe ar a bhfuil seisear daoine. As an seisear sin, ainmneoidh Comh-Aireacht Airí na hÚcráine triúr agus ceapfaidh Comh-Aireacht na nAirí an triúr eile ar bhonn tograí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a sholáthraíonn cúnamh teicniúil don Úcráin i réimse chosc agus chomhrac an éillithe agus athchóiriú gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí de réir conarthaí idirnáisiúnta. In Airteagal 15 tugtar tuairisc freisin ar na ceanglais atá ar chomhaltaí an choiste roghnúcháin, ar a gcumhachtaí agus ar a bhfreagrachtaí chomh maith leis na nósanna imeachta cinnteoireachta. De réir an Dlí, ní roghnóidh an Coimisiún Roghnúcháin níos mó ná beirt iarrthóirí. Tugtar tuairisc sa Dlí ar thabhairt isteach córais conartha trínar féidir ceapacháin chuig post sa Bhiúró a bhunú ar chonradh seirbhíse, arna thabhairt i gcrích ar na forais agus ar an mbealach a chinnfidh Comh-Aireachta na nAirí.

Tugann an Dlí raon feidhme agus sainordú níos soiléire do Bhiúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine trí leasú a dhéanamh ar Airteagal 8 den Dlí ar leithligh 'Maidir le Gníomhaíochtaí Oibríochtúla agus Imscrúdaitheacha', agus tríd an bhforáil a thabhairt isteach sa Dlí céanna gur le Biúró Slándála Eacnamaíche na hÚcráine agus Biúró Náisiúnta Frithéillithe na hÚcráine, agus leo sin amháin, an ceart chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Sainítear sa Dlí na nósanna imeachta maidir le hathdheimhniú éigeantach fostaithe, arb é is aidhm dóibh leibhéal iomchuí ionracais agus inniúlachta gairmiúla na bhfostaithe ag an mBiúró Slándála Eacnamaíche a áirithiú. Cuirfear tús leis an deimhniú a luaithe a fhoilseofar ord an Stiúrthóra nua ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Bhiúró. Laistigh de 14 lá ó lá an fhoilsithe, ní mór d'fhostaithe atá faoi réir deimhniú aon-uaire ráiteas scríofa a chur isteach maidir le toiliú nó diúltú dul faoi dheimhniú. De réir an Dlí, ní féidir leis an tréimhse deimhniúcháin a bheith níos faide ná 18 mí ó dháta ceapacháin an Stiúrthóra, ach amháin i gcásanna speisialta. Is é coimisiún deimhniúcháin ar a bhfuil 12 chomhalta a dhéanfaidh an deimhniú agus sainaithneoidh an Stiúrthóir seisear díobh agus sainaithneoidh eagraíochtaí idirnáisiúnta an seisear eile. Mura bhfuil siad á rialú ag an Dlí cheana féin, cinnfidh an Stiúrthóir, i gcomhairle leis an gcoimisiún deimhniúcháin, na nósanna imeachta chun an deimhniú a eagrú agus a sheoladh, na critéir agus an mhodheolaíocht chun ionracas agus inniúlacht ghairmiúil na bhfostaithe a mheas le linn an phróisis deimhniúcháin. Roinneann an Dlí an próiseas deimhniúcháin ina dhá chéim mar a leanas: (i) an deimhniú le haghaidh chinn ranna an chórais lárnaigh agus a n-ionadaithe, agus le haghaidh chinn na ranna críochacha agus a n-ionadaithe; agus (ii) an deimhniú le haghaidh fostaithe eile.
Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 10.1

Ainm na céime: Glacadh an Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Athchóiriú 1. Plean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide
Arna maoiniú as: Iasachtaí
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 10.1 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'Reacht ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a ghlacadh maidir leis an bPlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a fhormheas chun cuspóirí aeráidneodrachta náisiúnta a bhunú agus pleanáil iomchuí a áirithiú tar éis aird chuí a thabhairt ar na moltaí ón gComhphobal Fuinnimh. Sainítear sa phlean spriocanna atá le baint amach faoi 2030 maidir leis na nithe seo a leanas: - laghdú ar Ghás Ceaptha Teasa, lena n-áirítear trí shásraí praghsála carbóin margadhbhunaithe; - sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh; - an coigilteas fuinnimh sa tomhaltas deiridh fuinnimh'.* Is í céim 10.1 an t-aon chéim amháin i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de chaibidil 10 (Earnáil an fhuinnimh).
An fhianaise a cuireadh ar fáil 1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; 2. Cóip de Ghlacadh Reacht Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine Uimh. 587-p an 25 Meitheamh 2024 maidir le Plean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÚcráine a fhormheas; 3. Cóip de Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÚcráine a glacadh; 4. Moltaí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh maidir le Dréachtphlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÚcráine, mar a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Chomhphobail Fuinnimh; 5. Barúlacha i scríbhinn ó Rialtas na hÚcráine maidir le Moltaí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh, mar a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na hAireachta Geilleagair.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 10.1. Ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Reacht Uimh. 587-p maidir le formheas an 'Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide' don Úcráin an 25 Meitheamh 2024. Sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a glacadh, déantar achoimre ar raon feidhme an doiciméid, agus béim á leagan ar a ábharthacht straitéiseach mar ionstraim chun beartais fuinnimh agus aeráide a chomhordú agus a phleanáil agus chun forbairt agus téarnamh eacnamaíoch na hÚcráine a áirithiú. I bhfianaise na sraithe cuimsithí cuspóirí agus straitéisí a cuireadh ar bun sa doiciméad, meastar freisin go rannchuideoidh an Plean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide leis an gcuspóir náisiúnta aeráidneodrachta faoi 2050. I bhfianaise leibhéal na n-éiginnteachtaí a bhaineann leis an gcogadh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus i bhfianaise neamhchosaint na mbeartas fuinnimh agus aeráide a bunaíodh sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide ar na héiginnteachtaí sin, leagtar síos freisin leis an Reacht maidir le formheas an Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide spriocdháta chun an Plean sin a thabhairt cothrom le dáta faoi mhí na Nollag 2025. Ar bhonn Rialachán (AE) 2018/1999, mar pháirtí conarthach de chuid an Chomhphobail Fuinnimh, chuir an Úcráin dréacht den Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide faoi bhráid Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh agus chuir siad a moltaí ar fáil do Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÚcráine. Glacadh an Plean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide tar éis moltaí Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh a chur san áireamh go cuí. Leis an leagan a glacadh, déantar cuid shuntasach de na moltaí a chomhtháthú agus a chur chun feidhme. Áirítear leis sin an gealltanas córas faireacháin agus cur chun feidhme a bhunú chun tacú le cur chun feidhme an Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide agus chun na hathbhreithnithe a dhéanfar air amach anseo a chomhordú. Ina theannta sin, chuir an Úcráin réamhbharúlacha agus inspreagadh ar fáil do mholtaí uile Rúnaíocht an Chomhphobail Fuinnimh. Maidir le gach moladh, cuireann an Úcráin an méid seo a leanas in iúl: i) gur thug sí aghaidh orthu agus gur chomhtháthaigh sí iad sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide arna ghlacadh; ii) gur thug sí aghaidh orthu go páirteach; iii) nár thug sí aghaidh orthu. Maidir leis na moltaí sin ar tugadh aghaidh orthu go páirteach nó nár tugadh aghaidh orthu, luaigh an Úcráin na cúiseanna a bhí le déanamh amhlaidh, agus d'fhoilsigh sí iad ar shuíomh gréasáin na hAireachta Geilleagair.

Sainítear sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide spriocanna atá le baint amach faoi 2030 maidir leis na nithe seo a leanas: i) laghdú ar gháis ceaptha teasa, lena n-áirítear trí shásraí praghsála carbóin margadhbhunaithe; ii) sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh; iii) an coigilteas fuinnimh sa tomhaltas deiridh fuinnimh. Sainítear sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a glacadh spriocanna atá le baint amach faoi 2030. Go sonrach, sainítear sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na cuspóirí agus na spriocanna náisiúnta seo a leanas: — Laghdú 65 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána na hÚcráine faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil astaíochtaí 1990. Tuairiscítear sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide freisin na toimhdí atá taobh thiar de na meastacháin maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa, atá le baint amach freisin trí shásraí praghsála carbóin. — Sciar 27 % d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa tomhaltas fuinnimh deiridh iomlán a bhaint amach faoi 2030. — Tomhaltas fuinnimh príomhúil nach mó ná 72,224 Mtoe agus tomhaltas fuinnimh deiridh arb é 42,168 Mtoe atá ann.
Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 10.15

Ainm na céime: Glacadh na Straitéise um nuachóiriú teirmeach foirgneamh go dtí 2050 agus an Phlean Gníomhaíochta
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Glacadh na Straitéise um nuachóiriú teirmeach foirgneamh go dtí 2050 agus an Phlean Gníomhaíochta
Arna maoiniú as: Iasachtaí
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 10.15 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'An gníomh "Maidir le Formheas na Straitéise um Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050" agus an Plean Gníomhaíochta le haghaidh na Straitéise a ghlacfaidh Comh-Aireacht Airí na hÚcráine, arb é is aidhm dó ionstraimí airgeadais margadhbhunaithe agus dreasachtaí a thabhairt isteach, ina bhfuil treochlár le bearta beartais, lena n-áirítear iad siúd arb é is aidhm dóibh tacú le foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a thabhairt isteach.'* Is í céim 10.15 an t-aon chéim amháin i gcur chun feidhme Athchóiriú 7 de chaibidil 10 (Earnáil an fhuinnimh). Ina dhiaidh sin tá céim 10.16 atá le bheith curtha i gcrích faoi R3-2026 arb é is aidhm dó na gníomhartha dlí a ghlacadh maidir le híosleibhéil feidhmíochta éifeachtúlachta fuinnimh a shocrú d'fhoirgnimh agus céim 10.17 atá le bheith curtha i gcrích faoi R1-2027 arb é is aidhm dó na gníomhartha dlí a ghlacadh maidir leis na ceanglais maidir le lipéadú fuinnimh agus éicidhearthóireacht mar íoschritéir éigeantacha le linn an tsoláthair phoiblí.
An fhianaise a cuireadh ar fáil — Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; — Cóip d'Ordú Uimh. 1228-P ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le Formheas na Straitéise um Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050' agus den Phlean Gníomhaíochta gaolmhar an 29 Nollaig 2023; — Cóip den 'Straitéis um Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050' mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 1228-P an 29 Nollaig 2023; — Cóip de 'Phlean Gníomhaíochta' a bhaineann leis an Straitéis an 29 Nollaig 2023.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 10.15. Ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Ordú Uimh. 1228-P an 29 Nollaig 2023 maidir le 'Formheas na Straitéise um Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050' agus an Plean Gníomhaíochta a bhaineann leis an Straitéis. Tá an 'Straitéis um Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050' (dá ngairtear 'Straitéis' anseo feasta) agus an Plean Gníomhaíochta (dá ngairtear 'Plean Gníomhaíochta' anseo feasta) ina gceangaltáin le hOrdú formheasta Uimh. 1228-P. Áirítear sa Straitéis ranna éagsúla maidir le hionstraimí agus dreasachtaí airgeadais margadhbhunaithe a thabhairt isteach. Luaitear inti gur cheart tacú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide ghníomhacha atá ag obair in earnáil an nuachóirithe theirmigh trí ráthaíochtaí páirteacha stáit agus trí chuid dá gcostais úis a aisíoc, d'fhonn timpeallacht mhargaidh fhabhrach a chruthú le haghaidh nuachóiriú teirmeach. Ba cheart tacú freisin le táirgeadh áitiúil trealaimh atá tíosach ar fhuinneamh san Úcráin chun athchóiriú fuinneamhéifeachtúil a dhéanamh ar thithe. Sna doiciméid a glacadh, tá treochlár ina bhfuil bearta beartais, lena n-áirítear na bearta sin arb é is aidhm dóibh tacú le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de a thabhairt isteach. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta, mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ordú, an treochlár ina bhfuil bearta beartais chun tuairisc a thabhairt ar na céimeanna nithiúla de chur chun feidhme na Straitéise um Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050. Sainítear ann sprioc-amanna, institiúidí freagracha, agus an stádas. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta na céimeanna uile sa tréimhse 2024 go 2026 chun an Straitéis a chur chun feidhme.

Luaitear sa Straitéis gur cheart a áirithiú leis an ‘gClár chun tacú le Nuachóiriú Teirmeach Foirgneamh go dtí 2050’ go gcuirfí foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh chun cinn. Ina theannta sin, luaitear sa Straitéis go bhfuil an méadú ar líon na bhfoirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh tomhaltas fuinnimh ar cheann dá cuspóirí. Sa Phlean Gníomhaíochta, tagraítear d’fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh mar chuspóir i gcúig ‘threoir tosaíochta’ mar a leanas: — formheas ceanglas rialála chomh maith le faireachán agus táscairí ar an líon foirgneamh le haghaidh bearta a thacaíonn le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh; — punann de thionscadail eiseamláireacha nuachóirithe theirmigh a chruthú a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu lena n-áirítear tionscadail a bhfuil dearadh foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh orthu; — an méadú ar an líon tionscadal lena dtacaítear le foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh, mar chuid den Chiste Éifeachtúlachta Fuinnimh; — tacaíocht d’oiliúint agus d’athoiliúint innealtóirí agus dearthóirí i réimse an nuachóirithe theirmigh lena n-áirítear scileanna chun foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh a thógáil.
Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil

Céim 12.8

Ainm na céime: Glacadh an doiciméid straitéisigh maidir le Gníomhaíocht Mianach le haghaidh na tréimhse suas le 2033
Athchóiriú/Infheistíocht Ghaolmhar: Dímhianú limistéar talún agus uisce
Arna maoiniú as: Iasachtaí
Comhthéacs Is é seo an ceanglas le haghaidh chéim 12.8 a bhfuil tuairisc air sa tuairisc ar an gcéim san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún: *'An gníomh reachtach a ghlacadh maidir le formheas an doiciméid straitéisigh i dtaca le Gníomhaíocht Mianach le haghaidh tréimhse suas le 2033 (an Gníomh ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine nó ó Uachtarán na hÚcráine). Leis an ngníomh reachtach dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* — *bainistíocht i réimse na Gníomhaíochta Mianach;* — *tacú le héifeachtúlacht oibreoirí Gníomhaíochta Mianach;* — *timpistí a sheachaint;* — *cúnamh cuimsitheach d'íospartaigh;* — *nuálaíochtaí;* — *cothromaíocht inscne agus ionadaíocht inscne;* — *an margadh príobháideach a fhorbairt;* — *comhordú éifeachtach trédhearcach le deontóirí;* — *an córas maidir le tosaíocht a thabhairt do na cúraimí a bhaineann le gníomhaíocht mianach a mhúnlú.'* Is í céim 12.8 an t-aon chéim amháin faoi Athchóiriú 6 de chaibidil 12 (An earnáil Agraibhia) a bhaineann le dímhianú na limistéar talún agus uisce. Tá an chéim nasctha leis an dá chéim (12.9 agus 12.10) d'Infheistíocht 1 den chaibidil chéanna lena gceanglaítear méid comhcheangailte EUR 150 milliún ar a laghad d'infheistíochtaí i ndímhianú talún talmhaíochta i mBuiséid Stáit 2024–2027. Déanfar EUR 75 mhilliún ar a laghad de sin a bhuiséadú faoi 2025.
An fhianaise a cuireadh ar fáil 1. Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447; 2. Cóip d'Ordú Uimh. 616-r ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le Formheas na Straitéise Náisiúnta um Ghníomhaíocht Mianach don tréimhse suas le 2033' agus d'fhormheas an Phlean Gníomhaíochta do 2024-2026 an 28 Meitheamh 2024; 3. Cóip den 'Straitéis Náisiúnta um Ghníomhaíocht Mianaigh don tréimhse suas le 2033' mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 616-r an 28 Meitheamh 2024; 4. Cóip den 'Phlean Gníomhaíochta do 2024–2026' mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 616-r an 28 Meitheamh 2024.
Anailís Cumhdaítear leis an mbonn cirt agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 12.8. D'fhormheas Comh-Aireacht Airí na hÚcráine an Straitéis Náisiúnta um Ghníomhaíocht Mianach don tréimhse suas le 2033 trí Ordú Uimh. 616-r an 28 Meitheamh 2024. Tá na Spriocanna Straitéiseacha seo a leanas ag an Straitéis: i) a áirithiú go mbeidh críocha saor ó na rioscaí a bhaineann le hábhair phléascacha, ar mhaithe lena húsáid shábháilte tháirgiúil na n-ábhar sin; ii) tionchar ábhar pléascach ar bheatha agus ar shláinte an phobail a laghdú; agus iii) córas bainistíochta gníomhaíochta mianaigh a fhorbairt. Tugtar tuairisc sa Straitéis ar an mbainistíocht i réimse na gníomhaíochta mianach. Bunaítear le Sprioc Straitéiseach 3 sraith cúraimí chun an sprioc straitéiseach sin a bhaint amach. Áirítear leis sin an acmhainneacht riachtanach a sholáthar d'údaráis feidhmiúcháin atá freagrach as gníomhaíocht mianach a bhainistiú chomh maith le córas éifeachtach tosaíochta cúraimí a chur chun feidhme sa réimse. Tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar chomhordú na n-iarrachtaí gníomhaíochta mianach ar an leibhéal áitiúil agus cumarsáid éifeachtach a chur chun feidhme idir údaráis feidhmiúcháin agus comhlachtaí féinrialtais áitiúla ar an leibhéal náisiúnta agus fo-náisiúnta. Ina theannta sin, tugann sé córas aontaithe bainistíochta faisnéise isteach. Cumhdaítear le Sprioc Straitéiseach 2 comhordú éifeachtúil ar oiliúint maidir le feasacht ar rioscaí.

Tacaíonn an Straitéis le héifeachtúlacht oibreoirí gníomhaíochta mianach. Moltar i Sprioc Straitéiseach 3 nósanna imeachta deimhniúcháin aonfhoirmeacha a bhunú d'oibreoirí agus do phróisis ghníomhaíochta mianach. Trí nuálaíochtaí a thabhairt isteach sa réimse mar a shonraítear faoi Sprioc Straitéiseach 1, méadófar éifeachtúlacht oibreoirí gníomhaíochta mianach.

Is é is aidhm don Straitéis tionóiscí a chosc. Beartaítear le Sprioc Straitéiseach 2 feasacht an phobail a áirithiú maidir le teorainneacha geografacha na limistéar a d'fhéadfadh a bheith ina riosca maidir le réada pléascacha, lena n-áirítear trí mharcáil éifeachtach a dhéanamh ar na críocha ábhartha. Tá sé i gceist leis an sprioc comhordú éifeachtúil ar oiliúint feasachta riosca a bhaineann le guaiseacha pléascacha a éascú. Cuimsítear le Sprioc Straitéiseach 3 cur chun feidhme sásraí chun rannpháirtíocht daoine aonair san obair ar limistéir ghuaiseacha lasmuigh de cheanglais bhunaithe a chosc, agus cuntasacht a chinneadh i gcás ina mbeidh siad rannpháirteach san obair sin.

Déantar cur síos sa Straitéis ar na sásraí chun cúnamh cuimsitheach d'íospartaigh a áirithiú. Is éard atá i gceist le Sprioc Straitéiseach 2 cosaint shóisialta leordhóthanach agus inrochtana do dhaoine a ndearna ordanás pléascach difear dóibh, lena n-áirítear trí chomhordú éifeachtach trasearnála maidir le cúnamh faoi seach a eagrú, seirbhísí athshlánaithe shóisialta iomchuí agus inrochtana a sholáthar agus rochtain saor ó bhacainní do phobail ina bhfuil cónaí ar na daoine sin.

Díríonn an straitéis ar an nuálaíocht. Is é is aidhm do Sprioc Straitéiseach 1 cruthú timpeallachta a éascú atá fabhrach don nuálaíocht i réimse na gníomhaíochta mianach. Sonraítear ann cruthú agus/nó feidhmiú timpeallachta atá fabhrach do thabhairt isteach na nuálaíochta agus an táirgthe, agus do chur chun feidhme teicneolaíochtaí nuálacha a bhfuil a n-éifeachtacht cruthaithe acu.

Cuireann an Straitéis cothromaíocht inscne agus ionadaíocht inscne chun cinn. Is é is aidhm do Sprioc Straitéiseach 1 soláthar leordhóthanach acmhainní daonna a áirithiú sa réimse trí pháirt a thabhairt d'ionadaithe ó chatagóirí sóisialta agus ó ghrúpaí a bhfuil spéis ar leith ag an stát iontu i rannpháirtíocht ghairmiúil i ngníomhaíocht mianach. Tá rannpháirtíocht ban, iarshaighdiúirí, daoine a ndearna ábhair phléascacha difear dóibh, agus daoine faoi mhíchumas ar cheann d'aidhmeanna na straitéise.

Tá sé d'aidhm ag an Straitéis an margadh príobháideach a fhorbairt. Beartaítear le Sprioc Straitéiseach 1 spreagadh a thabhairt do mhargadh na seirbhísí gníomhaíochta mianach. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm aige cruthú timpeallachta a éascú a chabhródh le nuálaíocht i réimse na gníomhaíochta mianach agus soláthraíonn sé coinníollacha maidir le táirgeadh náisiúnta earraí a fhorbairt le haghaidh gníomhaíocht mianach agus a seirbhís san Úcráin.

Díríonn an Straitéis ar chomhordú éifeachtach trédhearcach le deontóirí. Moltar i Sprioc Straitéiseach 3 úsáid éifeachtach a bhaint as cúnamh teicniúil idirnáisiúnta maidir le gníomhaíocht mianach. Tabharfaidh an Úcráin sásra isteach chun tús áite a thabhairt do na riachtanais maidir le cúnamh ó dheontóirí sa pháirc. Tá sé beartaithe leis an Straitéis trédhearcacht a áirithiú maidir le húsáid an chúnaimh a chuirtear ar fáil trí shásraí éifeachtacha leordhóthanacha a thabhairt isteach. A luaithe a thabharfar an beart isteach, cuideoidh sé le héilliú a chosc agus leis an bhfreagracht atá ar dheontóirí a chomhlíonadh.

Leis an Straitéis, leagtar síos an bonn chun córas a chruthú chun cúraimí i ngníomhaíocht mianach a chur in ord tosaíochta. Foráiltear le Sprioc Straitéiseach 3 do chóras éifeachtach tosaíochta cúraimí a chur chun feidhme sa pháirc. Luaitear i Sprioc Straitéiseach 1 an sainmhíniú ar chritéir chun tailte pobal críochach a bhaint ó amhras faoi ordanás pléascach a bheith ann. Sonraítear sa Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an Straitéis go nglacfar córas tosaíochta cúraimí i ngníomhaíocht mianach in 2024.

Measúnú ón gCoimisiún: Comhlíonta go sásúil